
# The Quiet Man



Eochairfhocail: stiúrthóir, scannán, tionscal, gaol, féile, aíonna

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén bhaint a bhí ag John Ford leis an scannán The Quiet Man?
2. Cárbh as do mháthair John Ford?
3. Cad a d'iarr John Ford ar mháthair Fhil Uí Dhubhghaill?
4. An fios go díreach cé mhéad grianghraf a ghlac máthair Fhil le linn do chriú The Quiet Man a bheith sa cheantar?
5. Cad atá ar siúl sa cheantar an deireadh seachtaine seo?
6. Céard a theastaigh ó John Ford a thosú in Éirinn, dar le Steve Ó Cúláin?
7. Cathain a chuirfear tús leis an bhféile?
8. Cad a phléifidh na haíonna speisialta a bheidh i láthair ag an bhféile?
9. Cén t-imeacht a bheidh ar siúl do dhaoine fásta agus do dhaoine óga?
10. An bhfuil spéis agat féin sna scannáin? Cad é an scannán is fearr leat? Cén fáth?

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

Éirinn, iomráiteach, talún, stiúraigh, fhada, ról, scannán,

Ba sa bhliain 1952 a rinneadh an _________ The Quiet Man. Scannán rómánsúil a bhí ann. Ba é John Ford, Gael-Mheiriceánach, a ________ an scannán. Beirt de réaltaí móra na linne a ghlac _____ an dá phríomhcharachtar sa scannán, John Wayne agus Maureen O'Hara. Is iardhornálaí é carachtar John Wayne, a bhfuil an t-ainm Seán Thornton air, sa scannán agus filleann sé ar ________ tar éis dó na blianta fada a chaitheamh i Meiriceá. Titeann sé i ngrá le carachtar Maureann O'Hara, Mary Kate Danaher, ach diúltaíonn deartháir Mhary Kate cead a thabhairt di é a phósadh mar gheall ar aighneas le Thornton faoi chúrsaí _______. Tarlaíonn troid mhór, ______ idir Sean agus deartháir Mhary Kate agus ar deireadh tugtar cead pósta dóibh. Críoch shona atá leis an scannán cáiliúil, ____________ seo.

Foghlaim TG4




## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Scríobh cuntas ar an scannán is fearr atá feicthe agat féin. Is leor 150 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an cuntas a scríobh.


- scannán den chéad scoth
- atmaisféar
- an fuaimrian
- príomhcharachtar
- stiúrthóir an scannáin
- scéal tarraingteach an scannáin
- tús spleodrach
- críoch shásúil
- gan choinne
- cor i gcinniúint

Freagraí



1. Stiúrthóir an scannáin
2. An Choill Rua
3. Gaeilge a mhúineadh do Maureen O’Hara
4. Ní fios
5. Féile John Ford
6. Tionscal scannán
7. Tráthnóna
8. Saol John Ford agus an ceangal a bhí aige le ceantar an Spidéil
9. Ceardlann scéalaíochta

Ba sa bhliain 1952 a rinneadh an scannán The Quiet Man. Scannán rómánsúil a bhí ann. Ba é John Ford, Gael-Mheiriceánach, a stiúraigh an scannán. Beirt de réaltaí móra na linne a ghlac ról an dá phríomhcharachtar sa scannán, John Wayne agus Maureen O’Hara. Is iardhornálaí é carachtar John Wayne, a bhfuil an t-ainm Seán Thornton air, sa scannán agus filleann sé ar Éirinn tar éis dó na blianta fada a chaitheamh i Méiriceá. Titeann sé i ngrá le carachtar Maureann O’Hara, Mary Kate Danaher, ach diúltaíonn deartháir Mhary Kate cead a thabhairt di é a phósadh mar gheall ar aighneas le Thornton faoi chúrsaí talún. Tarlaíonn troid mhór, fhada idir Sean agus deartháir Mhary Kate agus ar deireadh tugtar cead pósta dóibh. Críoch shona atá leis an scannán cáiliúil, iomráiteach seo.



Foghlaim TG4